## Roinn B

Freagair ceist **amháin** ón roinn seo.

**2 Baineann an cheist seo leis an Chogadh Fhuar san Eoraip, 1945−1949.**

Mínigh cad chuige a raibh APSS ag iarraidh smacht a fháil ar Oirthear na hEorpa i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda agus an dóigh ar fhreagair SAM do ghníomhartha APSS idir 1945 agus 1949.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Fáthanna a raibh APSS ag iarraidh smacht a fháil ar Oirthear na hEorpa
- Cruthú "an Chuirtín Iarainn"
- Dúnghaois Truman agus Cúnamh Marshall
- Beirlín: Imshuí agus Aertharlú. [22]

**3 Baineann an cheist seo le Cogadh na Cóiré, 1950–1953.**

Mínigh cad chuige a raibh baint ag SAM, ag an tSin agus ag APSS le Cogadh na Cóiré agus an ról a bhí ag gach ceann acu i gCogadh na Cóiré, 1950–1953.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Fáthanna le baint SAM sa Chóiré
- Fáthanna le baint APSS agus na Síne sa Chóiré
- Gníomhartha SAM i gCogadh na Cóiré
- Gníomhartha APSS agus na Síne i gCogadh na Cóiré. [22]

**4 Baineann an cheist seo le caidreamh APSS le hOirthear na hEorpa, 1956–1968.**

Mínigh cén dóigh agus cad chuige ar choinnigh APSS smacht ar Oirthear na hEorpa idir 1956 agus 1968.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Imeachtaí san Ungáir, 1956
- Beirlín, 1958-1961
- An tSeicslóvaic, 1968
- Dúnghaois Brezhnev [22]

